Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**10604/1/25**
**REV 1**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0172 (COD)**
**2025/0176 (COD)**
**2025/0177 (COD)**

**SIMPL 60**
**ANTICI 68**
**INDEF 64**
**MAP 24**
**CSC 317**
**ENV 574**
**COMPET 589**
**ENT 108**
**MI 439**
**CHIMIE 57**
**CODEC 869**
***EDA***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 820 final/2 |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An Omnibus um Ullmhacht Cosanta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 820 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2025) 820 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.6.2025
COM(2025) 820 final/2

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## An Omnibus um Ullmhacht Cosanta

{SWD(2025) 820 final}

GA GA

**An Omnibus um Ullmhacht Cosanta**

Is mór an bhagairt atá os comhair na hEorpa agus tá an bhagairt sin ag dul i méid. Is é an t- aon bhealach amháin atá ann chun a áirithiú go mbeidh síocháin na hEorpa againn, a bheith ullamh cosc a chur leis na daoine ar mhaith leo dochar a dhéanamh dúinn. Tá coinbhleacht armtha ard-déine tar éis filleadh ar an Eoraip agus tá amhras curtha faoin ord idirnáisiúnta a bunaíodh tar éis an Dara Cogadh Domhanda agus an Chogaidh Fhuair. Mar a tugadh faoi deara sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta Eorpach 2030([1]) ('Páipéar Bán') '*bunófar ord idirnáisiúnta nua sa dara leath den deich mbliana seo agus ina dhiaidh sin. Mura múnlóimid an t- ord sin – inár réigiún féin agus lasmuigh de – beidh orainn glacadh go héighníomhach le toradh na tréimhse iomaíochta seo idir na stáit agus leis na drochiarmhairtí uile ab fhéidir a thiocfadh as sin, cogadh iomlán, ar fíorfhéidearthacht é, san áireamh*.'

I saol an lae inniu atá ag athrú go tapa, tá athrú tagtha ar ár dtimpeallacht slándála. Is mó iad na bagairtí atá os ár gcomhair, tá siad níos domhanda, idir líonraí cumhachtacha coireachta eagraithe agus sceimhlitheoireacht agus bagairtí hibrideacha a spreagann bréagaisnéis, eagla agus sabaitéireacht ar ár mbonneagar criticiúil, ag gníomhaithe stáit eachtracha naimhdeacha go minic. Tá siad ag bagairt go díreach ar ár modh beatha agus ar an gcumas atá againn ár dtodhchaí féin a roghnú le próisis dhaonlathacha. Cé nach bhfuil an tAontas i mbun cogaidh, fágann an choinbhleacht an-dian ag a theorainneacha agus seasamh ionsaitheach na Rúise go bhfuil staid nach bhfuil síochánta os comhair na hEorpa, agus nach féidir talamh slán a dhéanamh dár slándáil agus dár gcuspóir todhchaí a thógáil atá saor ón gcomhéigean agus ón bhfogha. Chonaiceamar an chaoi a bhfuil uirlis troda déanta d'easpórtálacha gáis ag an Rúis, rud is cúis le héiginnteachtaí soláthair agus arduithe tobanna ar phraghsanna, agus an chaoi ar dhírigh sí d'aon ghnó ar bhonneagar fuinnimh san Úcráin. Braitheann ár slándáil ar ullmhacht shibhialtach agus mhíleata araon.([2])

De réir measúnuithe ar bhagairtí a rinne roinnt seirbhísí faisnéise de chuid an Aontais, tá méadú ollmhór tagtha ar chumas na Rúise trealamh míleata a tháirgeadh agus bheadh na cumais mhíleata aici aontacht thíortha an Iarthair agus éifeachtacht Airteagal 5 de Chonradh an Atlantaigh Thuaidh agus Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thástáil sna 3 go 5 bliana amach romhainn. Sainordaítear leis sin aistriú chuig meon ullmhachta cosanta agus dlús a chur láithreach leis na hiarrachtaí chun ullmhacht cosanta agus díspreagadh a athbhunú faoi 2030. Sa chomhthéacs sin, ba cheart ullmhacht cosanta a thuiscint mar chumas na mBallstát agus thionscal cosanta an Aontais géarchéimeanna a bhaineann le cosaint a réamh-mheas, a chosc agus freagairt dóibh. Braitheann ullmhacht cosanta ar infhaighteacht na hacmhainneachta tionsclaíche cosanta is gá chun na hacmhainní, na cumais agus an bonneagar is gá a fháil agus a choinneáil ar bun chun freagairt go héifeachtach agus ar bhealach solúbtha do ghéarchéimeanna agus do ghníomhaíochtaí gaolmhara na mBallstát agus chun bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann a dhíspreagadh trí ullmhacht inchreidte.

Chun cosaint na hEorpa a atógáil, is gá, mar thúsphointe, infheistíochtaí ollmhóra a dhéanamh thar thréimhse leanúnach de mheon na dlúthpháirtíochta agus an chomhair i measc an Aontais agus na mBallstát, agus mar chuid de chomhghuaillíochtaí straitéiseacha

([1]) Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030: JOIN(2025)120 críochnaitheach, 19.03.2025.

([2]) Is é is aidhm don Straitéis um Aontas na hUllmhachta athléimneacht an Aontais a mhéadú trí na cumais is gá a thabhairt dó chun na bagairtí agus na guaiseacha uile a réamh-mheas agus a bhainistiú. An Straitéis um Aontas na hUllmhachta: JOIN/2025/130 final, 26 Márta 2025.

laistigh taobh istigh de ECAT agus le tríú tíortha atá ar aon intinn leo. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis an obair ar gach snáithe chun dlús a chur go práinneach le hullmhacht cosanta na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta Eorpach láidir leordhóthanach ag an Eoraip faoi 2030 ar a dhéanaí.

Chun Eoraip fíor-neamhspleách a thógáil, tá sé ríthábhachtach cineál nua ***Pax Europaea*** a fhorbairt le haghaidh an 21ú haois — ***Pax Europaea*** arb í an Eoraip a mhúnlaíonn agus a bhainistíonn í. Sin é an fáth, i ngníomhaíocht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, go bhfuil an tAontas ag cur ar a gcumas do na Ballstáit suas le EUR 800 billiún a thiomsú dá gcaiteachas cosanta breise chun an tsíocháin a chosaint sna 4 bliana amach romhainn faoi Phlean ReArm Europe 2030. D'iarr níos mó ná leath de na Ballstáit an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú faoi chuimsiú an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, agus leas á bhaint as an tsolúbthacht chun a gcaiteachas cosanta a mhéadú go mór. Sa bhreis ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach ar an gCoimisiún Eorpach an obair ar gach snáithe a ghéarú chun dlús a chur go cinntitheach le hullmhacht cosanta na hEorpa laistigh de na 5 bliana amach romhainn([3]), tacóidh an Omnibus sin um Ullmhacht Cosanta sin le hiarrachtaí na mBallstát an bonn tionsclaíoch cosanta agus ullmhacht agus lúfaireacht fhoriomlán an Aontais i réimse na cosanta a neartú faoi 2030, trí na dálaí is gá a chruthú chun tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí i gcumais chosanta, tríd an intuarthacht is gá a chur ar fáil don tionscal agus tríd an rómhaorlathas a laghdú.

Le méid na hiarrachta is gá, ba cheart na tearcinfheistíochtaí substaintiúla agus ainsealacha sa chosaint leis na deicheanna de bhlianta anuas agus bearna infheistíochta charntha na mBallstát a chur san áireamh.  Léiríonn sampla an armlóin airtléire throm go maith na saincheisteanna a eascraíonn as na deicheanna de bhlianta den tearcinfheistíocht. Dá bhrí sin, bheadh ganntanais chriticiúla roimh na Ballstáit i gcás coinbhleacht ard-déine. Thairis sin, tá na stoic atá teoranta cheana féin ídithe a thuilleadh leis an tacaíocht mhíleata a cuireadh ar fáil don Úcráin. Mar gheall ar éileamh íseal, tá laghdú mór tagtha ar acmhainneachtaí táirgeachta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, leis na deicheanna de bhlianta anuas, rud a chuireann teorainn ollmhór le cumas na mBallstát stoic a athshlánú go tapa agus seasamh cosanta inchreidte iontaofa a athbhunú.

Margadh fíorfheidhmiúil uile-Aontais le haghaidh trealamh cosanta, lena gcuirtear an nuálaíocht agus an t-iomaíochas i gcroílár athnuachan na hEorpa, sin an bealach is éifeachtaí do na Ballstáit a n-armlanna a athstocáil agus a n-ullmhacht a fhorbairt i gcás coinbhleachta. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil trí phríomhthairbhe ag baint leis. Ar an gcéad dul síos, cuireann sé ar a gcumas do na mBallstát barainneachtaí scála a scaoileadh, rud a chuireann ar a gcumas dóibh leas a bhaint as margadh cosanta leathan agus níos cobhsaí. Ar an dara dul síos, tríd an rochtain a éascú le haghaidh soláthróirí de chuid an Aontais, laghdaíonn sé a spleáchas ar sholáthróirí tríú tír, rud atá ina bhuntáiste mór i dtimpeallacht gheopholaitiúil an lae inniu agus a áirithíonn inmharthanacht fhadtéarmach neamhspleáchas straitéiseach an Aontais. Ar an tríú dul síos, tacaíonn sé le hiomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí trína áirithiú go gcuireann caiteachas cosanta le fás agus forbairt an tionscail iomláin ar fud na hEorpa.

Maidir le timpeallacht rialála reatha an Aontais, a glacadh in aimsir na síochána, níl sí oiriúnaithe go hiomlán don chuspóir na cumais agus an ullmhacht mhíleata is gá a fhorbairt chun ionsaí armtha a dhíspreagadh go hinchreidte agus chun imscaradh éifeachtach tapa na n-infheistíochtaí móra is gá thuasluaite a éascú. Níl roinnt reachtaíochtaí sonracha neamhchosanta de chuid an Aontais fabhrach d'infheistíochtaí fadtéarmacha Bhonn

([3]) Conclúidí na Comhairle Eorpaí, 20 Márta 2025.

Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí i gcumais chosanta a éascú, rud is gá chun bagairtí a dhíspreagadh agus chun slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú. Is earnáil an-sonrach é Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, agus ní earnáil eacnamaíoch amháin atá mar phríomhchuspóir aici. Tá sí dírithe ar riachtanais Fhórsaí Armtha na mBallstát, lena gcuirtear an leibhéal feidhmíochta teicniúla is gá ar fáil, go tráthúil, sa mhéid is gá agus ar chostas iomaíoch. Ba cheart creat rialála an Aontais a bheith oiriúnach do chuspóir na hullmhachta cosanta, rud a chuirfeadh ar a gcumas do na Ballstáit infheistiú, tógáil, taighde a dhéanamh agus táirgí agus seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar, tionscadail a údarú agus soláthar a dhéanamh ar luas géaraithe agus solúbtha, agus ag an am céanna coinneáil suas leis na hardchaighdeáin taighde, chomhshaoil agus shóisialta a fhágann go bhfuil an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain sna réimsí sin. Is gá simpliú substaintiúil a dhéanamh ar phróisis agus deireadh a chur le hualaí rialála agus riaracháin ar fud na n-earnálacha chun an dlús atáthar a chur le táirgeadh tionsclaíoch cosanta na hEorpa a ghéarú chun na leibhéil acmhainneachta táirgeachta is gá a bhaint amach go tapa chun ullmhú le haghaidh coinbhleacht ard-déine agus ar an gcaoi sin í a dhíspreagadh.

Ina theannta sin, is deis í an iarracht ollmhór sin chun Fórsaí Armtha na mBallstát a nuachóiriú agus dlús a chur le hinfheistíochtaí Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Ní mór breithniú a dhéanamh ar luas géaraithe éabhlóid na teicneolaíochta míleata agus ar an mbaol go mbeidh dífheidhmeacht thapa ann, mar a léirítear le fogha ard-déine leanúnach na Rúise san Úcráin agus le dul i bhfód teicneolaíochtaí suaiteacha i slabhraí soláthair cosanta. Chun go seasfaidh infheistíochtaí cosanta an aimsir agus chun leas a bhaint as acmhainneacht nuálach Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, tá sé tábhachtach borradh a chur faoi thimthriallta nuálaíochta, go háirithe trí nósanna imeachta le haghaidh taighde agus forbairt chomhoibríoch faoin gCiste Eorpach Cosanta a shimpliú agus a ghéarú a thuilleadh([4]). Ina theannta sin, tá tacaíocht le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis ríthábhachtach chun nuálaíocht agus iomaíochas a chur chun cinn san Aontas, go háirithe trí Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE), STEP agus Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú a oscailt le haghaidh teicneolaíochtaí dé-úsáide agus cosanta.

Agus Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí á neartú, ní mór cineál dé-úsáide na bpríomhtheicneolaíochtaí agus na bpríomhábhar a léiriú ar bhealach níos fearr. Gnéithe digiteacha, ardleictreonaice, nascachta nó ceimiceán — is gnéithe criticiúla iad uile de chlár oibre iomaíochais an Aontais agus dá athléimneacht chosanta. Cuirtear i dtábhacht sa Straitéis um Aontas na hUllmhachta nach mór don Aontas breithnithe dé-úsáide a chomhtháthú ina infheistíochtaí bonneagair agus ina phleanáil cumais uile, amhail soghluaisteacht mhíleata, oll-aslonnuithe, cumarsáid agus nascacht shlán, slándáil mhuirí, cibearchumais, agus sócmhainní agus seirbhísí spáis. Chun sineirgí den sórt sin idir nuálaíocht shibhialta agus chosanta a spreagadh agus chun forbairt slabhraí luacha agus slabhraí soláthair criticiúla a dhaingniú, beidh feidhm ag na bearta simpliúcháin arna nglacadh tríd an tionscnamh sin maidir le teicneolaíochtaí agus ábhair dé-úsáide, i gcás inarb ábhartha.

Sa Teachtaireacht seo, déanann an Coimisiún, bunaithe ar thaithí agus ar ionchuir ó chomhairliúcháin phoiblí leathana, tograí uaillmhianacha simpliúcháin a chur chun cinn i reachtaíocht agus i gcláir a bhaineann go sonrach leis an gcosaint, agus i ndlíthe nach

([4]) Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1092. IO L 170, 12.5.2021, lgh. 149–177.

mbaineann go sonrach leis an gcosaint chun bacainní rialála a bhaint agus ullmhacht cosanta agus forbairt thionsclaíoch an Aontais a éascú. Cuirtear chun cinn sa Teachtaireacht seo freisin léirmhínithe níos soiléire ar mhaoluithe ar reachtaíocht an Aontais atá ar fáil, ar maoluithe iad a bhféadfadh sé nár bhain na Ballstáit leas iomlán astu.

## 1. Reachtaíocht cosanta an Aontais agus cláir thionsclaíocha cosanta

### *Soláthar cosanta*

Is é is aidhm don Treoir maidir le Soláthar Cosanta agus Slándála Íogair([5]) na dálaí a áirithiú le haghaidh feidhmiú margaidh ar fud an Aontais le haghaidh táirgí cosanta. Mar sin féin, is minic a mheasann páirtithe leasmhara go bhfuil nósanna imeachta faoin Treoir róchasta agus róthrom, rud a éilíonn acmhainní díréireacha ó na Ballstáit. Is gá, dá bhrí sin, forálacha na Treorach a shimpliú, agus baint amach a spriocanna a áirithiú ag an am céanna, go háirithe trí phróisis níos cuíchóirithe agus níos éifeachtúla a chumasú le haghaidh soláthar cosanta. Cuirfidh sé sin ar a chumas do na mBallstát díriú ar na conarthaí is criticiúla, acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtaí, chomh maith leis an ualach riaracháin ar an tionscal a laghdú.

Cé go bhfuil athbhreithniú iomlán ar an Treoir beartaithe le haghaidh 2026, ba cheart rialacha soláthair a shimpliú cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an bpráinn agus ar an tosaíocht atá ag an Eoraip a cosaint a atógáil, níos mó solúbthachta a thabhairt do sholáthairtí comhoibríocha ag roinnt Ballstát agus borradh a chur faoi sholáthar réiteach nuálach is gá chun ullmhacht cosanta a bhaint amach faoi 2030. Is iad infhaighteacht conarthaí soláthair agus intuarthacht fhadtéarmach an éilimh na tosca is tábhachtaí chun an tionscal dlús a chur lena acmhainneachtaí táirgeachta agus chun cuspóirí ullmhachta cosanta a bhaint amach. Chuige sin, molann an Coimisiún tairseacha infheidhmeachta na Treorach a mhéadú go EUR 900000 le haghaidh conarthaí soláthair agus seirbhíse. Leis sin, díolmhófar líon substaintiúil conarthaí níos lú ó raon feidhme na Treorach, a bhfuil tionchar beag acu ar an margadh inmheánach, agus beidh éifeachtúlachtaí eacnamaíocha ann le haghaidh na mBallstát agus iarratasóirí, mar gheall ar an ualach riaracháin agus eacnamaíoch laghdaithe.

Nuair a bhíonn caiteachas cosanta Ballstát ar an nuálaíocht íseal agus ilroinnte bíonn drochthionchar aige sin ar theicneolaíochtaí bunathraitheacha atá ag teacht chun cinn ar cúis suaite iad agus atá ríthábhachtach le haghaidh na gcumas cosanta a bheidh againn amach anseo. Trí sholáthar réiteach nuálach a éascú, rannchuideofar le claochlú na cosanta trí nuálaíocht shuaiteach, ós rud é go bhfuil cineál na cogaíochta á athrú ó bhonn ag teicneolaíochtaí nua i roinnt réimsí (e.g. an Intleacht Shaorga, an néalríomhaireacht agus an ríomhaireacht chandamach, nascacht shárfhorbartha shlán, córais uathrialacha). Tá an fhéidearthacht nua maidir le soláthar díreach táirgí agus seirbhísí nuálacha a eascraíonn as tionscadail taighde chomhthreomhara agus iomaíocha atá ar conradh ag na Ballstáit oiriúnach do na tionscadail taighde agus forbartha is ceannródaí i gcás nach féidir na torthaí a bhfuil coinne leo a shainiú ag tús an tsoláthair taighde agus forbartha. In éineacht le dálaí níos tapúla le haghaidh tionscadail nuálacha soláthair agus tionscadail chomhoibríocha, lena n-áirítear tríd an nós imeachta simplithe comhpháirtíochta nuálaíochta a thabhairt isteach agus soiléirithe maidir le soláthar thorthaí na dtionscadal arna gcistiú faoi CEF,

---

([5]) Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE, IO L 216, 20.8.2009, lgh. 76–136.

tacóidh sé le haistriú rianúil ó thaighde go soláthar, rud a chuirfidh ar a gcumas do na Ballstáit leas a bhaint go tapa as réitigh nuálacha arna bhforbairt trí na tionscadail sin.

Mar gheall ar an luas dúshlánach faoinar gá do na Ballstáit a n-armlanna a athshlánú faoi láthair, ní mór dul i muinín táirgí cosanta atá ar fáil cheana féin. Chun go mbeidh na Ballstáit in ann trealamh comhionann atá ar fáil go héasca a sholáthar go tapa, ba cheart an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré a leathnú go sealadach chuig soláthar agus cothabháil chomhoibríoch. Chuirfeadh sé sin ar chumas na mBallstát acmhainní a chomhthiomsú le chéile agus tairbhiú de bharainneachtaí scála chun trealamh agus cumais a fháil go tapa. Comhlánaíonn sé an tsolúbthacht atá ann cheana agus atá leabaithe sa Treoir maidir le práinn a eascraíonn as géarchéim, lena gcuimsítear teagmhais dhíobhálacha a bhfuil coinne leo amach anseo([6]), lena n-áirítear coinbhleachtaí ard-déine ar theorainneacha an Aontais agus bagairtí inchreidte ar shlándáil an Aontais agus a Bhallstát.

Le solúbthacht bhreise i gcreat-chomhaontuithe ar cuireadh síneadh suas le 10 mbliana leo agus lena n-osclaítear do Bhallstáit eile, mar a mholtar sa Rialachán maidir leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP)([7]), cuideofar leis na Ballstáit a spriocanna cumais a bhaint amach níos tapúla, ar chostas laghdaithe agus le hidir-inoibritheacht fheabhsaithe. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar a rialacha náisiúnta soláthair chun deireadh a chur le hualaí breise ar rannpháirtithe i nósanna imeachta soláthair phoiblí (‘*rórialáil*’). Má bhaintear na hoibleagáidí tuairiscithe staidrimh atá ar na Ballstáit, laghdófar an rómhaorlathas, agus déanfar cur i bhfeidhm na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh([8]) ar earnáil na cosanta a shoiléiriú sa mheastóireacht ar an Treoir in 2026.

### *Aistrithe táirgí cosanta taobh istigh den Aontas*

Tá aistrithe tapa táirgí a bhaineann le cosaint taobh istigh den Aontas fíor-riachtanach chun na hacmhainneachtaí tionsclaíocha agus teicneolaíocha iomlána a shlógadh ar fud an Aontais agus chun sineirgí, barainneachtaí scála agus nuálaíocht a bhaint amach agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. Léirigh páirtithe leasmhara sa chomhairliúchán poiblí an easpa comhchuibhithe ar chórais rialaithe na mBallstát, úsáid neamhleor Ceadúnas um Aistriú Ginearálta (arb iad an phríomhuirlis simpliúcháin dá bhforáiltear sa Treoir([9]) agus d’iarr siad deireadh a chur le castachtaí agus moilleanna a bhaineann le rialú aistrithe taobh istigh den Aontas. Tharraing siad aird freisin ar scrogaill mar gheall ar easpa údaruithe tráthúla ar aistrithe i gcur chun feidhme thionscadail CEC agus an t-ualach trom a

([6]) Áirítear sa sainmhíniú ar ‘géarchéim’ in Airteagal 1(10) de Threoir 2009/81/CE cásanna ina meastar ‘teagmhas díobhálach a bheith ag bagairt’.

([7]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaigheacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú (‘EDIP’), 5.3.2024 , COM(2024) 150 final

([8]) Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú), (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1–111.

([9]) Le Ceadúnais Aistrithe Ghinearálta cumasaítear rialú *ex post* (rialú tar éis an t-aistriú a dhéanamh) a chur in ionad rialú *ex ante* (rialú roimh an aistriú) (rialú tar éis an aistrithe). Leis an athrú sin, is iondúil gur féidir aistriú a dhéanamh laistigh de lá amháin go trí lá. I gcodarsnacht leis sin, is féidir a mheas, a bheag nó a mhór, gur thart ar 6-7 seachtaine an meán-am chun údaráis rialaithe ceadúnas aistrithe aonair simplí *ex ante* a phróiseáil, agus is minic a thógann sé tréimhsí i bhfad níos faide ar phróisis údarúcháin.

bhaineann le roinnt Deimhnithe Úsáideora Deiridh náisiúnta nó cineálacha eile cosc ar theorainneacha aistrithe taobh istigh den Aontas.

Maidir leis na hinniúlachtaí a shainítear sna Conarthaí, oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun aistrithe táirgí cosanta chuig Fórsaí Armtha na mBallstát, aistrithe i slabhraí soláthair agus aistrithe taobh istigh de thionscadail arna gcistiú ag an Aontas a shimpliú, chomh maith le bainistiú Deimhnithe Úsáideora Deiridh. Leis na hathruithe atá beartaithe, laghdófar go mór moilleanna ar chur chun feidhme na dtionscadal agus laghdófar an rómhaorlathas le haghaidh rannpháirtithe i dtionscadail CEC. Cuirtear ar chumas na mBallstát catagóirí breise aistrithe a dhíolmhú ón oibleagáid réamhúdarú a fháil agus moltar dóibh úsáid Ceadúnas Aistrithe Ghinearálta a leathnú, a raon feidhme a leathnú agus a chomhchuibhiú. Tríd an tairbhe a bhaineann le Ceadúnais Aistrithe Ghinearálta a leathnú chuig aistrithe ag cuideachtaí deimhnithe, dreasófar deimhniú cuideachtaí agus cláir láidre chomhlíontachta maidir le haistrithe taobh istigh den Aontas a rialú, agus a n-ualach riaracháin á laghdú go suntasach ag an am céanna. Chun idirbhearta trasteorann i slabhraí soláthair a éascú agus dlús atáthar a chur leis an táirgeacht a ghéarú, i gcomhréir leis an Treoir maidir le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint taobh istigh den Aontas([10]), iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit staonadh ó theorainneacha aistrithe taobh istigh den Aontas le haghaidh comhpháirteanna a chomhtháthófar i dtáirge deiridh i mBallstát eile agus nach féidir a athonnmhairiú ar leithligh, tríd an bprionsabal *de minimis* atá in úsáid cheana féin ag roinnt Ballstát ar a laghad a chur chun feidhme. Ar deireadh, molann an Coimisiún oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú le haghaidh aistrithe teicneolaíochta doláimhsithe.

**An Ciste Eorpach Cosanta (EDF)**

Is é an Ciste Eorpach Cosanta an t-aon ionstraim de chuid an Aontais lena dtacaítear le Taighde agus Forbairt cosanta atá comhoibríoch. Dheimhnigh meastóireacht eatramhach an Choimisiúin ar an gCiste agus comhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara a éifeachtacht agus a ábharthacht fhoriomlán, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá le nósanna imeachta a shimpliú a thuilleadh agus ualaí riaracháin a laghdú. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún tuilleadh solúbthachta i gcur chun feidhme CEC.

Molann an Coimisiún na critéir dhámhachtana chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí a shoiléiriú agus a shimpliú agus tugann sé isteach an fhéidearthacht gan ach na critéir dhámhachtana ábhartha a roghnú bunaithe ar chuspóirí na nglaonna ar thograí, rud a fhágfaidh go mbeidh an próiseas meastóireachta níos tapúla, níos solúbtha agus nach mbeidh sé chomh trom. Leis an bhféidearthacht CEF a chur chun feidhme trí chláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla, mar aon le soiléiriú ar na rialacha maidir le dámhachtainí díreacha, chomh maith le féidearthachtaí níos leithne maidir le bainistíocht indíreach, soláthrófar níos mó solúbthachta agus intuarthachta maidir le pleanáil agus cur chun feidhme thionscadail CEF a bhfuil próiseas bainistíochta solúbtha agus ualaí riaracháin laghdaithe acu. Sa bhreis ar an togra le haghaidh an cheathrú réimse infheistíochta le haghaidh teicneolaíochtaí cosanta faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)([11]), molann an Coimisiún simplithe ar sholáthar réamhthráchtála agus ar

---

([10]) Airteagal 4(8) de Threoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lgh. 1–36,

([11]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE)

chearta rochtana na mBallstát chun torthaí na dtionscadal forbartha a bhaint amach, agus é mar aidhm leis sin na tionscadail CEC a eascraíonn as sin a chur ar bun agus a reáchtáil a luaithe is féidir, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoi theicneolaíochtaí suaiteacha le haghaidh cosanta.

Ar deireadh, cuirfidh an Coimisiún bearta breise i bhfeidhm an mheastóireacht ar thograí a dhéanamh níos gasta agus chun an t-am a laghdú chun comhaontuithe deontais a shíniú agus íocaíochtaí a eisiúint, amhail leibhéal níos airde fochonraitheoireachta (os cionn 30 %), bailíocht shínte na measúnuithe ar rialú úinéireachta le haghaidh tairbhithe ó 18 mí go 36 mhí ar a laghad agus clásal caighdeánach neamh-athaistrithe a thabhairt isteach. Chun freagairt d'iarrataí na bpáirtithe leasmhara ar chóras simplí slán ann chun faisnéis rúnda agus íogair a mhalartú, tá córas SUE (*Secret de l'Union Européenne*) á chur i bhfeidhm de réir a chéile i measc an Choimisiúin, na mBallstát agus an tionscail agus é mar aidhm leis sin na Ballstáit uile a chumasú go luath in 2026, a luaithe a bheidh na próisis chreidiúnaithe agus ghlactha is gá ag na Ballstáit curtha i gcrích, agus tá iniúchadh á dhéanamh ar Néal Rúnaicmithe a bhunú chun faisnéis a mhalartú atá creidiúnaithe suas go dtí leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED i gcur chun feidhme tionscadal rúnaicmithe cosanta. Féadfar na simplithe a tugadh isteach leis an Omnibus sin a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach maidir le tionscadail CEF atá i bhfeidhm cheana féin.

I gcomhréir leis an bPáipéar Bán, ina n-iarrtar rannpháirtíocht na hÚcráine i ngníomhaíochtaí CEC agus comhar feabhsaithe idir an tAontas agus an Úcráin a mhéadú, ba cheart costais le haghaidh gníomhaíochtaí tástála a dhéantar san Úcráin a bheith incháilithe do chistiú faoi CEC. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí úsáid a bhaint as staid chogaidh ghníomhach na hÚcráine ó thaobh tástála de (acmhainneachtaí mearthástála, tástáil 24 uair an chloig agus tástáil ar láthair an chatha), rud a d'fhágfadh go bhféadfaí aiseolas tapa ar an gcogaíocht nua-aimseartha atá ann faoi láthair a chomhtháthú i bhforbairt teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta.

## 2. Reachtaíocht agus cláir neamhchosanta an Aontais

***Deireadh a chur le scrogaill agus leas iomlán a bhaint as conairí chun ullmhacht cosanta a fheabhsú***

Is minic a bhíonn próisis cheadaithe le haghaidh infheistíochtaí tionsclaíocha cosanta agus gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta rófhada agus róthrom. Chun deifir a chur leo, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh na próisis le haghaidh measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus comhlíonadh dlíthe an chomhshaoil (e.g. maidir le pleanáil uirbeach/talún, measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, cosaint torainn, gnáthóg agus éan, bainistiú uisce agus dramhaíola) fabhrach d'ullmhacht cosanta a bhaint amach ag an bpointe seo. Ní mór do na próisis sin — a ghlacfar in am na síochána — freastal anois ar nósanna imeachta údaraithe nó ceadaithe deifrithe atá saincheaptha le haghaidh na riachtanas práinneach ullmhachta cosanta, ionas go n-éascófar dlús ollmhór tapa a chur le hinfheistíochtaí tionsclaíocha cosanta agus gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta a bhfuil solúbthacht neartaithe ag teastáil ina leith agus atá fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais slándála atá ag teacht chun cinn.

Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241: PE/11/2024/REV/1: IO L, 2024/795, 29.2.2024.

Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as údaruithe, leagtar amach i ndlí an Aontais roinnt rialacha a bhaineann le húdaruithe, lena n-áirítear measúnuithe comhshaoil ach gan a bheith teoranta dóibh. Tá sé ríthábhachtach na próisis cheadaithe iomlána le haghaidh infheistíochtaí tionsclaíocha cosanta agus gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta a chuíchóiriú, a shimpliú agus a ghéarú, agus caighdeáin chosaint an chomhshaoil agus an duine á n-áirithiú ag an am céanna ar bhealach níos tráthúla ar fud an Aontais. Is féidir é sin a bhaint amach trí phróisis cheadaithe náisiúnta mheara a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a bhunú le pointe teagmhála aonair le haghaidh an tionscail, próisis atá beartaithe chun ualaí riaracháin a laghdú agus deifir a chur leis an bpróiseas ceadúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta. Arna iarraidh sin do na Ballstáit, tá an Coimisiún réidh chun comhairle agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil chun an córas mear ceadúcháin a bhunú.

Tá sé ríthábhachtach ardchaighdeáin cosanta le haghaidh an chomhshaoil agus sláinte an duine a áirithiú trí reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm, agus cuspóir na hullmhachta cosanta a áirithiú faoi 2030. Cé go n-áirítear maoluithe le haghaidh cuspóirí poiblí i bhformhór reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, eascraíonn castacht agus éiginnteachtaí sna rialacha is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí cosanta as léirmhínithe agus cur chun feidhme éagsúla ar fud na mBallstát. Soiléiríonn an Coimisiún leis seo gur féidir leis na Ballstáit úsáid a bhaint as maoluithe atá ann cheana i reachtaíochtaí éagsúla de chuid an Aontais([12]) lenar foráladh maidir le '*leas poiblí sáraitheach*', '*sábháilteacht phoiblí*' nó '*géarchéim*' chun ullmhacht cosanta a áireamh ina raon feidhme, lena gcuimsítear infheistíochtaí cosanta tionsclaíocha agus rialtais agus gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta. Nuair a chuirtear bearta cúiteacha nó maolaithe i bhfeidhm, ba cheart cuspóirí na reachtaíochta a áirithiú leis na bearta sin agus ba cheart iad a bheith comhréireach maidir le breithnithe ullmhachta cosanta, ionas gur féidir cuspóir 2030 maidir le hullmhacht cosanta a bhaint amach go tráthúil. Sa Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol([13]), áirítear díolúine le haghaidh tionscadail atá fíor-riachtanach chun críoch cosanta, ar féidir iad a úsáid freisin le haghaidh tionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta. Thairis sin, tá díolúine chun críoch míleata sna

([12]) Mar shampla, na treoracha atá sa Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine: IO L 206, 22.7.1992, lgh. 7–50), an Treoir Réime maidir le hUisce (Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce: IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1–73), an Treoir maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú éan fiáin (Leagan códaithe): IO L 20, 26.1.2010, lgh. 7–25) agus an Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola (Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006: PE/84/2023/REV/1: IO L, 2024/1157, 30.4.2024).

([13]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (códú): IO L 26, 28.1.2012, lgh. 1–21.

treoracha maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach([14]) agus maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha([15]) lena gcuimsítear cuspóir na hullmhachta cosanta.

Bhí *aquis* ceimiceán an Aontais ríthábhachtach chun ardleibhéil chosanta le haghaidh sláinte an duine agus an chomhshaoil a choinneáil ar bun, chun saorghluaiseacht substaintí sa mhargadh inmheánach a éascú, agus tairbhí socheacnamaíocha á gcur san áireamh ag an am céanna. Tá sé ríthábhachtach freisin ardleibhéil sábháilteachta ceirde agus dea-dhálaí oibre a choinneáil ar bun chun go mbeidh earnáil na cosanta tarraingteach mar rogha fostaíochta, agus chun a áirithiú ag an am céanna gur féidir cuspóirí ullmhachta cosanta a bhaint amach go héifeachtach.

Faoi láthair, ní dhéantar foráil shainráite in *acquis* ceimiceach an Aontais maidir le measúnú luath ar an tionchar ar an tionscal cosanta sna próisis chun substaintí ceimiceacha a thoirmeasc nó a shrianadh maidir leis an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH)([16]). Tugann an Coimisiún dá aire go bhforáiltear cheana féin faoi Rialachán REACH maidir leis an bhféidearthacht díolúine a fháil ar mhaithe le cosaint ach gur cuireadh an díolúine sin ar mhaithe le cosaint i bhfeidhm ar bhealach sriantach i mBallstáit áirithe. Thairis sin, is ar bhonn *ad hoc* a chuirtear an t-eisceacht sin i bhfeidhm, rud nach bhfuil ag teacht le cuspóir 2030 maidir le hullmhacht cosanta 2030 agus leis na ceanglais chun dlús a chur go práinneach le táirgeadh cosanta faoi 2030. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún na coinníollacha maidir le húsáid na díolúine náisiúnta faoi Rialachán REACH a leathnú agus spreagann sé na Ballstáit leas a bhaint as a acmhainneacht iomlán le haghaidh riachtanais chosanta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta. Is é is aidhm don simpliú atá le teacht ón gCoimisiún ar REACH an cuspóir ullmhachta cosanta a ionchorprú go sainráite, lena n-áiritheofar go ndéanfar measúnú cuimsitheach ar ábhair imní maidir leis an gcosaint, lena n-áirítear tionchair indíreacha ar shlabhraí soláthair cosanta. D'fhágfadh sé sin gur féidir measúnú luath agus iomlán a dhéanamh ar chuspóir na hullmhachta cosanta, lena n-áirítear tionchair indíreacha ar shlabhraí soláthair cosanta. Chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud *acquis* ceimiceán an Aontais, moltar díolúine chomhchosúil sna Rialacháin maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú([17]) ) agus Táirgí Bithicídeacha([18]). Maidir leis an Rialachán maidir le Truailleáin

---

([14]) Treoir 2002/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL): IO L 37, 13.2.2003, lgh. 24–39.

([15]) Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir leis an srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach: IO L 37, 13.2.2003, lgh. 19–23.

([16]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiúin chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún: IO L 396, 30.12.2006.

([17]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006: IO L 353, 31.12.2008, lgh. 1–1355.

([18]) Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid: IO L 167, 27.6.2012, lgh. 1–123.

Orgánacha Mharthanacha([19]), lena gcuirtear Coinbhinsiún Stócólm chun feidhme, molann an Coimisiún gur cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais ullmhachta cosanta i gcéimeanna ullmhúcháin an Aontais sula mbunófar toirmisc nó srianta ar an leibhéal idirnáisiúnta sa Choinbhinsiún, ós rud é gur ag an gcéim sin is féidir breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí féideartha. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as díolúintí ó cheanglais tuairiscithe chun faisnéis íogair a chosaint bunaithe ar leasanna slándála náisiúnta nó leasanna slándála an Aontais.

Mar chuid de neartú acmhainneacht táirgeachta tionsclaíche cosanta an Aontais chun go mbeidh sé in ann na cumais chriticiúla atá in easnamh ar na Fórsaí Armtha faoi láthair a fháil, ní mór don tionscal cosanta agus do na Fórsaí Armtha trealamh cosanta, comhpháirteanna agus amhábhair a allmhairiú ar bhealach tapa, solúbtha agus costéifeachtach ó taobh amuigh den Aontas. Chuige sin, molann an Coimisiún do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as an bhféidearthacht dleachtanna allmhairiúcháin ar airm áirithe agus ar threalamh míleata áirithe a allmhairíonn údaráis mhíleata cosanta ó thríú tíortha nó thar a gceann a chur ar fionraí([20]). Ina theannta sin, cé go leantar d'acmhainneacht intíre a chur chun cinn agus a borradh a chur fúithi a mhéid is féidir, go háirithe maidir le hamhábhair, d'fhéadfaí leas a bhaint freisin as tarscaoileadh na ndleachtanna is infheidhme maidir le roinnt amhábhar tionsclaíoch, earraí leathchríochnaithe nó comhpháirteanna a allmhairítear ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad([21]) faoin Scéim um Fhionraíochtaí Taraife Uathrialaitheacha agus um Tharaif-Chuótaí Uathrialaitheacha, chun iomaíochas na hearnála cosanta a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin ullmhacht cosanta an Aontais a neartú.

Is luamhán tábhachtach é acmhainneacht roinnt teicneolaíochtaí le haghaidh barrfheabhas cosanta, amhail an intleacht shaorga, nach mór a neartú go práinneach ar an leibhéal Eorpach. Le Gníomh an Aontais Eorpaigh um an Intleacht Shaorga([22]), cuirtear forbairt chórais Intleachta Saorga chun cinn de réir cur chuige rioscabhunaithe, lena dtugtar isteach rialacha atá i gcomhréir le rioscaí. Ní rialaítear leis taighde réamh-mhargaidh i ngach réimse, lena n-áirítear cosaint, chomh maith le forbairt agus úsáid na hIntleachta Saorga chun críocha míleata, cosanta nó slándála náisiúnta agus chun na gcríoch sin amháin. Meabhraíonn an Coimisiún gur féidir leis na Ballstáit boscaí gainimh rialála a chur ar bun, ar féidir leo tacú le forbairt sholúbtha thapa córas Intleachta Saorga ardriosca atá ábhartha chun críche míleata agus cosanta, chun forbairt agus tástáil atá sábháilte ó thaobh an dlí de a chumasú.

---

([19]) Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (athmhúnlú): PE/61/2019/REV/1 :IO L 169, 25.6.2019, lgh. 45–77.

([20]) Rialachán (AE) 2021/2278 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013: IO L 466, 29.12.2021, lch. 1, leasaithe.

([21]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha: IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.

([22]) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) PE/24/2024/REV/1: IO L, 2024/1689, 12.7.2024.

***Infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha in earnáil na cosanta a éascú***

Gan dochar d'Airteagal 346 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá feidhm ag rialacha iomaíochta maidir le cosaint agus rannchuidíonn siad le feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh. Ag an am céanna, níor cheart iad sin a bheith ina mbac ar dhlús a chur leis an earnáil, ar a rannchuidiú le cuspóir 'ullmhacht cosanta 2030' ná ar chumas na mBallstát freagairt go héifeachtach do na dúshláin a bhaineann leis an timpeallacht gheopholaitiúil atá ag dul in olcas. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar shainiúlachtaí an tionscail cosanta agus Mhargadh na hEorpa um Threalamh Cosanta agus ar a rannchuidiú le cuspóir na hullmhachta cosanta ina fhorfheidhmiú iomaíochta (cumaisc, 'in aghaidh trustaí' agus rialú Státchabhrach).

Is é is aidhm do chóras rialaithe **cumasc** an Aontais Eorpaigh margaí dea-fheidhmiúla a choinneáil ar bun, lena n-áirítear in earnáil na cosanta. Braitheann ullmhacht cosanta thionscal na hEorpa go criticiúil ar mhargaí iomaíocha lenar féidir teicneolaíocht agus nuálaíocht cheannródaíoch a sholáthar, chomh maith le hacmhainneacht táirgeachta leordhóthanach agus lúfar, agus a áirithiú ag an am céanna nach mbeidh leibhéil cumhachta margaidh mar thoradh ar chomhchruinnithe ar dócha go méadóidh siad costais ar bhuiséid na mBallstát. San athbhreithniú leanúnach ar Threoirlínte cumaisc, tabharfaidh an Coimisiún aird leordhóthanach ar an timpeallacht slándála agus cosanta athraithe agus tá ionchur á lorg aige ó pháirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na gnéithe sin. Déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe ar na tairbhí foriomlána a bhaineann le héifeachtúlachtaí a bheith mar thoradh ar chosaint agus slándáil fheabhsaithe taobh istigh den Aontas.

Maidir le 'in aghaidh trustaí' in earnáil na cosanta, tá an Coimisiún réidh chun treoir a thabhairt do thionscal na hEorpa maidir le tionscadail chomhair cuideachtaí in earnáil na cosanta, go háirithe i gcás inar gá an comhar sin chun an táirgeadh a uas-scálú nó i gcás nach mbeadh cuideachtaí aonair in ann táirge a fhorbairt nó a mhonarú ina n-aonar murach sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin i gcás soláthar comhpháirteach amhábhar ag cuideachtaí cosanta. Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chomhaontuithe den sórt sin, breithneoidh sé freisin na héifeachtúlachtaí a ghintear, lena n-áirítear, mar shampla, éifeachtaí dearfacha an chomhair sin ó thaobh ullmhacht cosanta, athléimneacht shlabhraí soláthair na cosanta agus an mhargaidh inmheánaigh de.

Tá **infheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach** fíor-riachtanach le haghaidh uas-scálú tionscail chun cuspóir 2030 maidir le hullmhacht cosanta an Aontais a bhaint amach. Mar chuid den iarracht sin, is féidir leis na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma ar an gcistiú comhtháthaithe chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta agus soghluaisteacht mhíleata([23]). Is féidir leo acmhainní óna bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a úsáid freisin le haghaidh instealltaí cothromais i mBainc agus Institiúidí Náisiúnta le haghaidh Spreagadh (BINSanna), chomh maith le ranníocaíochtaí le cláir an Aontais le haghaidh cumarsáid satailíte agus leis an gClár Eorpach um an Tionscal Cosanta (EDIP) — mar a cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht 'NextGenerationEU — An Bóthar go 2026'([24]). Chun

([23]) Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795 a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí a bhaineann le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme: COM(2025)188 críochnaitheach, 22.04.2025.

([24]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, NextGenerationEU — An bóthar go 2026, 4.6.2025, COM(2025) 310 final.

rannchuidiú le EDIP a chumasú, is gá bailchríoch a chur go han-tapa ar na cruinnithe tríthaobhacha reachtacha leanúnacha agus foráil chumasúcháin a chur isteach. Leis na deiseanna breise sin chun cistí an Aontais a úsáid le haghaidh cosanta, neartaítear a thuilleadh méid na n-acmhainní atá ar fáil agus, dá bhrí sin, an réasúnaíocht maidir le bacainní nó ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo ar imscaradh éifeachtach infheistíochtaí cosanta a bhaint.

Sa chomhthéacs sin, ar an gcéad dul síos, ní Státchabhair iad bearta stáit chun tacú le hinfheistíochtaí i mbonneagair ghinearálta, amhail tolláin iarnróid a leathnú nó droichid bhóthair nó iarnróid a threisiú chun conairí soghluaisteachta a chruthú, ós rud é gur gníomhaíochtaí sainchúraim phoiblí iad a bhaineann le sainchumais an Stáit a fheidhmiú. Tá an rud céanna bailí le haghaidh feidhmeanna fhórsaí armtha na mBallstát, feidhmeanna a thagann faoi ghníomhaíochtaí sainchúraim phoiblí de ghnáth. Ní gá do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta sin.

Ar an dara dul síos, sa chomhthéacs atá ann faoi láthair, tá leas láidir ag an Aontas agus ag an leibhéal náisiúnta maidir le dlús a chur le táirgeadh cosanta agus tugtar faoi deara gur theip ar oibreoirí margaidh freagairt sách tráthúil don riachtanas sin mar gheall ar roinnt tosca oibiachtúla (e.g. margaí soláthair ilroinnte, neamhchinnteacht éilimh le himeacht ama, rochtain ar mhaoiniú). Dá bhrí sin, is féidir a mheas de ghnáth go dtacaíonn cás sonrach na mbeart **Státchabhrach** chun tacú le hinfheistíocht in acmhainneacht táirgeachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí cosanta le leasanna slándála fíor-riachtanacha gan dochar a dhéanamh do na coinníollacha iomaíochta sa mhargadh inmheánach agus, dá bhrí sin, thiocfadh sé faoi raon feidhme Airteagal 346 CFAE. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 346 CFAE maidir le bearta Státchabhrach, ní gá do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta sin. Faoi Airteagal 346 CFAE agus faoin gcásdlí gaolmhar, scrúdaítear riachtanas agus comhréireacht na mbeart náisiúnta chun leasanna bunúsacha slándála a chosaint cás ar chás i gcás gach birt den sórt sin, ag féachaint dá chomhthéacs agus dá éifeachtaí. Dá bhrí sin, tá cinneadh den sórt sin maidir le bearta Státchabhrach gan dochar don mheasúnú ar infheidhmeacht Airteagal 346 CFAE maidir le bearta náisiúnta a dhéanann difear do rialacha eile de chuid an Aontais, e.g. i réimse an tsoláthair cosanta. Le rialacha chun margadh uile-Eorpach le haghaidh táirgí cosanta a chur chun cinn, feabhsaítear dálaí eacnamaíocha le haghaidh infheistíocht i dtáirgeadh cosanta, agus ar an gcaoi sin treisítear slándáil an Aontais agus a Bhallstát aonair. Dá bhrí sin, i réimsí seachas Státchabhair, leanfar de ghrinnscrúdú géar a dhéanamh ar gach éileamh ar mhaolú Airteagal 346 CFAE.

Ar an tríú dul síos, i gcás inar **Státchabhair** atá sa tacaíocht phoiblí agus nach dtagann sí faoi Airteagal 346 CFAE, féadfar í a chumhdach leis na féidearthachtaí comhoiriúnachta a thairgtear faoi threoirlínte, creataí maidir le Státchabhair atá ann cheana nó faoin Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine([25]). Is féidir cabhair den sórt sin, i bhfoirm cabhair aonair nó scéimeanna cabhrach, a fhormheas go díreach faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE freisin. Faoin bhforáil sin, féadfaidh an Coimisiún a mheas go bhfuil cabhair chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a éascú, lena n-áirítear freisin ionchuir fhíor-riachtanacha chun táirgí agus seirbhísí cosanta a tháirgeadh, comhoiriúnach leis na rialacha maidir le Státchabhair, ar choinníoll nach ndéanfaidh sí dochar do dhálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas coiteann. Agus na héifeachtaí dearfacha á gcothromú ar an iomlán i gcoinne éifeachtaí diúltacha ar an iomaíocht agus ar an trádáil, tabharfaidh an

([25]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh.

Coimisiún aird chuí ar rannchuidiú an bhirt le cuspóir 2030 maidir le hullmhacht cosanta, chomh maith le sainiúlachtaí an mhargaidh cosanta, i gcás ina dtagann an t-éileamh ó na Ballstáit, a rialaíonn fáil táirgí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear onnmhairí. Is féidir a áireamh ar na gnéithe atá le cur san áireamh go dearfach sa tástáil chothromúcháin fhoriomlán, mar shampla, an fíoras go ndeonaítear an chabhair i gcomhthéacs chláir an Aontais([26]), rannchuidiú na hinfheistíochta le riachtanais athléimneachta an Aontais, an gá atá ann do na Ballstáit a leas slándála fíor-riachtanach a chosaint; an comhar trasteorann a fhaigheann tacaíocht ón tionscadal, i gcás inarb infheidhme; na héifeachtaí dearfacha ar idir-inoibritheacht agus ar shlándáil soláthair táirgí a bhaineann le cosaint nó ionchuir díobh ar fud an Aontais([27]), laghdú ar spleáchais ar thríú tíortha nó rannchuidiú an tionscadail le bearnaí criticiúla sa chumas cosanta a dhúnadh, lena n-áirítear iad siúd a shainaithnítear sa Pháipéar Bán agus SAFE([28]), ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

Tabharfaidh an Coimisiún tús áite do chásanna arb é is cuspóir dóibh ullmhacht cosanta, cibé acu a thugtar fógra ina leith mar chabhair aonair nó mar scéimeanna cabhrach. Ina mheasúnú, áiritheoidh sé, a mhéid is Státchabhair infhógartha í, go mbeidh an tacaíocht sin riachtanach, comhréireach agus nach mbeidh róchúiteamh mar thoradh uirthi. Beidh an Coimisiún an-airdeallach ar shaincheisteanna nó ar iarrataí ar shoiléiriú a ardaíodh i gcomhthéacs ullmhúcháin na mBallstát chun SAFE a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an amlíne a leagtar síos san ionstraim sin([29]) ach freisin chun a mheas cé acu atá nó nach bhfuil srianta áirithe taobh istigh d'earnálacha a bhaineann le cosaint, i measc tosca eile, mar thoradh ar dhlús a chur le táirgeadh cosanta agus/nó ar uas-scálú an tionscail cosanta chun ullmhacht cosanta a bhaint amach faoi 2030, go háirithe srianta ar rochtain theoranta ar mhaoiniú. Más gá, cuirfidh an Coimisiún treoir iomchuí thráthúil ar fáil maidir leis an measúnú ar thacaíocht phoiblí d'earnáil na cosanta([30]). D'fhonn a thuiscint an bhfuil nó nach bhfuil gá le treoir den sórt sin agus, má tá, an raon feidhme a d'fhéadfadh a bheith aici, lorgóidh an Coimisiún ionchuir go réamhghníomhach, trí idirphlé leanúnach agus struchtúrtha leis na Ballstáit (lena n-áirítear go comhpháirteach na húdaráis ábhartha uile, e.g. iad siúd atá freagrach as Státchabhair, tionscal agus cosaint) agus le páirtithe leasmhara eile.

---

([26]) Amhail cláir thionscal cosanta an Aontais agus cistí comhtháthaithe.

([27]) Eg. nuair is féidir le táirgí freastal ar riachtanais úsáideoirí iomadúla ar fud an Aontais, déantar iad mar iarrachtaí struchtúrtha chun soláthar éagsúlaithe a áirithiú.

([28]) Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine lena mbunaítear an Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) tríd an Ionstraim chun Tionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú.

([29]) Na Ballstáit atá toilteanach cúnamh airgeadais a fháil faoin ionstraim SAFE, cuirfidh siad a spéis in iúl faoi dheireadh mhí Iúil 2025. Go gairid ina dhiaidh sin, gheobhaidh siad fógra ón gCoimisiún maidir le leithdháiltí sealadacha mhéideanna na n-iasachtaí atá ar fáil do gach Ballstát. Faoi dheireadh mhí na Samhna 2025, beidh ar na Ballstáit iarraidh ar chúnamh airgeadais a thíolacadh, in éineacht lena bplean infheistíochta tionsclaíche Eorpach cosanta. Le síniú comhaontaithe iasachta leis an gCoimisiún, beidh na Ballstáit in ann cistiú a fháil.

([30]) Is féidir le treoraíocht maidir le comhoiriúnacht Státchabhrach a bheith i bhfoirmeacha éagsúla de réir riachtanas, ó *vade mecum* d'fhasaigh ábhartha nó fógra léirmhínitheach go treoirlínte nó creataí féincheangailteacha ón gCoimisiún.

Is dianriachtanas é borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí sa chosaint, ach ní leor sin. Sa Teachtaireacht ón Aontas Coigiltis agus Infheistíochta([31]), i gcomhréir leis an bPáipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta 2030, cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá sé maoiniú príobháideach a shlógadh le haghaidh an tionscail cosanta agus tugadh ar aird go bhfuil gá le gníomhaíocht chinntitheach phráinneach chun deiseanna cistiúcháin a mhéadú go mór le haghaidh cuideachtaí Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Ní mór rochtain níos fearr agus níos solúbtha a bheith ag cuideachtaí Eorpacha, lena n-áirítear Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus Fiontair Mheánchaipitlithe([32]) ar chaipiteal, lena n-áirítear ionstraimí ráthaíochta le haghaidh infheistíochtaí a dhí-rioscú, chun a réitigh a thabhairt ar scála tionsclaíoch agus chun an dlús tionsclaíoch atá ag teastáil ón Aontas a thiomáint.

Faoi Chiste InvestEU([33]), oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta a ainmnítear mar '*infheistíochtaí straitéiseacha*', lena n-áirítear oibríochtaí i réimse na cosanta, tá siad faoi réir teorainneacha incháilitheachta sonracha, ar féidir leo bac a chur ar an gcumas Ciste InvestEU a úsáid go héifeachtach chun tacú le hinfheistíochtaí i mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Molann an Coimisiún na critéir incháilitheachta le haghaidh earnáil na cosanta a oiriúnú do shainiúlachtaí na n-ionstraimí airgeadais (fiachas, ráthaíochtaí fiachais agus maoiniú cothromais) a thairgtear faoin gciste InvestEU, agus na coimircí riachtanacha á gcoinneáil ag an am céanna. Leis sin, feabhsófar agus simpleofar rochtain ar mhaoiniú agus beifear in ann tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí.

Cé nach gcuireann Creat Airgeadais Inbhuanaithe an Aontais([34]) cosc ar mhaoiniú na hearnála cosanta, d'fhéadfadh an earnáil airgeadais agus an earnáil cosanta araon tairbhiú de shoiléiriú breise maidir lena chur i bhfeidhm trí Fhógra Treorach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar d'infheisteoirí, soiléiríonn an Coimisiún nár cheart ach airm a thoirmisctear leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta arm a bhfuil tromlach na mBallstát ina bpáirtithe iontu a mheas i gcomhthéacs eisiaimh Thagarmharc Aistrithe atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus Eisiaimh Thagarmhairc Aistrithe Aeráide. Ina theannta sin, soiléiríonn an Coimisiún go gcuirtear riachtanais agus sainiúlachtaí an tionscail cosanta san áireamh go hiomlán sna hoibleagáidí tuairiscithe inbhuanaithe, go háirithe trína shoiléiriú gur dóchúla go n-úsáidfidh an tionscal cosanta forálacha chun faisnéis íogair a choinneáil siar (mar shampla maidir le méideanna soláthair amhábhar nó faisnéis airgeadais áirithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht). Más gá, sa bhreis ar na hathbhreithnithe leanúnacha ar an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach([35]), déanfaidh an Coimisiún coigeartuithe breise san athbhreithniú atá ar na

([31]) Teachtaireacht ón gCoimisiún, Aontas Coigiltis agus Infheistíochta: Straitéis chun Saibhreas na Saoránach agus Iomaíochas Eacnamaíoch a Chothú san Aontas Eorpach: COM/2025/124 final.

([32]) Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga, C/2025/3500: IO L, 2025/1099.

([33]) Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017: PE/74/2020/REV/1: IO L 107, 26.3.2021, lgh. 30–89.

([34]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088, IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.

([35]) COM(2025)81 final

bacáin ar na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta([36]) in 2025. Ar deireadh, san athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe([37]), más gá, tabharfaidh an Coimisiún soiléirithe maidir leis an gcaidreamh idir infheistíochtaí cosanta agus creat inbhuanaitheachta an Aontais chun an cuspóir maidir le hullmhacht cosanta a bhaint amach.

***Scileanna a fhorbairt agus creataí fostaíochta atá curtha in oiriúint don ullmhacht cosanta a áirithiú***

Braitheann dúnadh na mbearnaí cumais agus dlús a chur le táirgeadh cosanta ar infhaighteacht scileanna speisialaithe agus tallanna nuálacha sa tionscal cosanta, lena n-áirítear gníomhaithe sa slabhra soláthair ó Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide chuig príomhchonraitheoirí. Cé go bhfuil fostaithe oilte speisialaithe ag earnáil cosanta na hEorpa, beidh ar an tionscal níos mó daoine tréitheacha a mhealladh, a oiliúint, a fhostú, a uas-sciliú agus a athsciliú agus a choinneáil, ó theicneoirí go hinnealtóirí agus saineolaithe speisialaithe, mar gheall ar an dlús tionsclaíoch cosanta ar mhórscála. Is réamhriachtanas i ndáil leis sin é sciar na gcéimithe ETIM a mhéadú. Éascóidh Aontas na Scileanna([38]) , lena n-áirítear an Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM atá mar bhonn taca faoi, uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair chun tacú leis an tionscal cosanta, lena n-áirítear tríd an gComhshocrú um Scileanna ([39]) a neartú agus trí acadaimh scileanna spriocdhírithe a athbhreithniú agus a chur chun feidhme agus trí thacú le hionaid barr feabhais gairme. Tacóidh an Coimisiún le hionaid barr feabhais gairme bhreise le haghaidh an tionscail cosanta, chomh maith le soghluaisteacht an lucht saothair agus tacóidh sé le hoideachas a bhaineann leis an gcosaint, i gcomhréir leis an Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach([40]) , go háirithe trí dheiseanna a chuirtear ar fáil le cláir thionsclaíocha cosanta na hEorpa agus le Erasmus+.

Tá sé ríthábhachtach ardchaighdeáin a áirithiú maidir le sláinte, sábháilteacht agus cearta saothair na bhfórsaí míleata agus oibrithe an tionscail cosanta chun cuspóir ullmhachta cosanta na hEorpa a bhaint amach go hiomlán agus chun pearsanra oilte a mhealladh agus a choinneáil. Bíonn róil ríthábhachtacha ag pearsanra míleata agus ag oibrithe tionscail nuair a bhíonn cogadh ag dul ar aghaidh ag ár dteorainneacha ach freisin chun síocháin fhadtéarmach Eorpach a chothú. Is bunchloch d'*acquis* fostaíochta agus sóisialta an Aontais í an Treoir maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le heagrú ama oibre([41]), rud a dhéanann sláinte agus sábháilteacht oibrithe a choimirciú trí íoschaighdeáin maidir le

---

([36]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. C/2023/5303: IO L, 2023/2772, 22.12.2023.

([37]) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais: PE/87/2019/REV/1: IO L 317, 9.12.2019, lgh. 1–16.

([38]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hAontas na Scileanna: COM(2025)90 críochnaitheach, 5.03.2025.

([39]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Scileanna don Eoraip le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneachta: COM(2020)274 críochnaitheach, 1.07.2020.

([40]) Straitéis nua Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach: Ullmhacht an Aontais a bhaint amach le Tionscal Cosanta Eorpach freagrúil athléimneach: JOIN/2024/10 final, 5.03.2024.

([41]) Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 a bhaineann le gnéithe áirithe i ndáil le heagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9). IO L 299, 18.11.2003, lgh. 9–19.

huaireanta oibre agus tréimhsí sosa. Sa tírdhreach geopholaitiúil atá i réim, chun lúfaireacht na cosanta a fhíorú agus chun an dlús tionsclaíoch a thiomáint, ní mór aird ar leith a thabhairt ar chuspóir ullmhachta cosanta agus forálacha na Treorach á gcur i bhfeidhm. Maidir le táirgeadh tionsclaíoch agus soláthar seirbhísí gaolmhara in earnáil na cosanta, soiléiríonn an Coimisiún gur féidir na maoluithe dá bhforáiltear sa Treoir([42]) a úsáid i gcás ina bhfuil borradh gníomhaíochta ann, lena n-áirítear le haghaidh ullmhacht cosanta, agus iarrann sé ar na Ballstáit soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm. Maidir leis na Fórsaí Armtha, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfar an Treoir a dhífheidhmiú i ndáil le gníomhaíochtaí sonracha áirithe, lena n-áirítear imscaradh gníomhach. Agus na solúbthachtaí atá ann cheana á gcaomhnú ag an gCoimisiún, rachaidh sé i dteagmháil leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta i dtaca le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le pearsanra míleata sna Fórsaí Armtha, lena n-áirítear maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé tráthúil an Treoir a leasú chun díolúintí atá ann cheana a fheabhsú.

***Conclúid***

Tá coinbhleacht armtha tar éis filleadh ar an Eoraip agus tá bagairtí geostraitéiseacha agus hibrideacha ag dul i méid timpeall orainn. Tiocfaidh ord nua idirnáisiúnta chun cinn sna deich mbliana seo. Mura mian linn glacadh go réidh leis na hiarmhairtí a bheidh ann don Eoraip agus don domhan mór, ní mór dúinn an t-ord nua sin a mhúnlú. Is mithid anois borradh a chur faoi ullmhacht cosanta na hEorpa, rud atá lagaithe leis na deicheanna de bhlianta den tearcinfheistíocht i gcumais chosanta, bearnaí tábhachtacha cumais agus rómhaorlathas neamhriachtanach nach mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu go práinneach.

Leis an méadú ollmhór ar chaiteachas cosanta na hEorpa a fógraíodh le Plean ReArm Europe 2030, mar aon le hionstraim airgeadais thiomnaithe chun tacú le hinfheistíochtaí cosanta na mBallstát, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana chun go mbeidh sí níos solúbtha agus chun infheistíochtaí cosanta níos mó a mhealladh. Níos simplí, níos tapúla agus níos lúfaire. Chun tógáil ar an toradh a bhí ar chomhairliúcháin phoiblí leathana, agus ar an idirphlé straitéiseach agus cur chun feidhme a reáchtáladh leis an tionscal agus leis na Ballstáit, leis an Omnibus sin um Ullmhacht Cosanta moltar athrú meoin maidir le hullmhacht cosanta agus lúfaireacht i gcreat reachtach an Aontais: deireadh a chur le bacainní rialála, rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann go sonrach le hearnáil na cosanta a shimpliú agus a chomhchuibhiú chomh maith le rialacha agus nósanna imeachta maidir le rialacháin an Aontais a bhfuil tionchar acu ar an tionscal cosanta agus nach mbaineann go sonrach leis an gcosaint. Téitear i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an tionscal cosanta a chuireann bac ar Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí freagairt leis an tsolúbthacht is mó is féidir do na riachtanais mhéadaithe atá ag an Aontas faoi láthair, go háirithe i bhfianaise an teannais dhomhanda mhéadaithe agus an chogaidh fhoghaigh san Úcráin.

Ní mhaitheann an stair anonn ná anallachas. Is é neamhspleáchas na hEorpa an misean atá againn. Is céim thábhachtach é an Omnibus sin um Ullmhacht Cosanta na hEorpa i dtreo Eoraip neamhspleách a thógáil a fhreastalaíonn ar an b*Pax Europaea*, lena neartófar cumas na hEorpa an tsíocháin agus an tslándáil a choimirciú, ionas go mbeidh ár dtodhchaí saor ó chomhéigean agus ó fhogha agus go mbeidh na glúnta atá le teacht in ann maireachtáil san aisling Eorpach ar ar a son a throid ár mbunaitheoirí chomh dian sin, sa tsíocháin agus

[42] Go háirithe, Airteagail 17 agus 18 de Threoir 2003/88/CE.

sa rathúnas, d'fhonn go seachnófaí an chogaíocht agus na taismigh dhaonna ollmhóra agus na damáistí don chomhshaol a eascraíonn.